Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11496/22**

**PECHE 270**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le treoirlínte straitéiseacha nua an Aontais don dobharshaothrú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, téacs na gconclúidí ón gComhairle maidir le treoirlínte straitéiseacha nua an Aontais don dobharshaothrú, mar a chomhaontaigh an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh iad ag an gcruinniú a bhí aici an 18 Iúil 2022.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE TREOIRLÍNTE STRAITÉISEACHA NUA AN AONTAIS DON DOBHARSHAOTHRÚ**

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

A. Ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 dar teideal *Strategic guidelines for a more sustainable and competitive EU aquaculture for the period 2021 to 2030* [Treoirlínte straitéiseacha maidir le dobharshaothrú Aontais a bheidh níos inbhuanaithe agus níos iomaíche don tréimhse 2021–2030] (COM(2021)0236),

B. ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Márta 2021 dar teideal *An action plan for the development of organic production* [Plean gníomhaíochta chun táirgeadh orgánach a fhorbairt] (COM(2021)141),

C. ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 19 Iúil 2021 maidir leis an bplean gníomhaíochta chun an táirgeadh orgánach a fhorbairt,

D. ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’ (COM(2019)0640),

E. ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM(2020)0381),

F. ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an Straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’,

G. ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030: Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380),

H. ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach,

1) **IS DÍOL SÁSAIMH DI** an doiciméad ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *Strategic Guidelines for the sustainable development of EU aquaculture* [Treoirlínte straitéiseacha maidir le dobharshaothrú Aontais a bheidh níos inbhuanaithe agus níos iomaíche don tréimhse 2021–2030] ('na treoirlínte dobharshaothraithe' anseo feasta) agus **COMHROINNEANN SÍ** an fhís maidir le breis forbartha a dhéanamh ar dhobharshaothrú san Aontas.

2) **TACAÍONN SÍ** leis an gcuspóir earnáil dobharshaothraithe mhuirí agus fionnuisce inbhuanaithe, athléimneach agus iomaíoch a thógáil agus **CUIREANN SÍ I dTREIS**, nach mór an ardtosaíocht iomchuí a thabhairt don chuspóir sin chun go mbainfí amach é. Tá an méid sin ríthábhachtach chun soláthar bia cothaitheach, sláintiúil agus sábháilte a áirithiú agus chun spleáchas ollmhór an Aontais ar allmhairí táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a laghdú. Ag an am céanna, cruthaítear deiseanna eacnamaíocha agus poist leis sin, agus is dea-shampla é ar an aistriú domhanda chuig córais bhia inbhuanaithe.

3) **LÉIRÍONN SÍ** go mbeidh gá le dlúthchomhar idir na geallsealbhóirí ábhartha uile chun na treoirlínte dobharshaothraithe a chur chun feidhme, **TACAÍONN SÍ** leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún i réimsí i dtaca le comhordú, tacaíocht theicniúil agus treoir, agus **MEABHRAÍTEAR DI** nach mór sonraíochtaí gach cineál córais dobharshaothraithe a chur san áireamh i gcónaí, idir mhuirí agus fhionnuisce.

4) **CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT** nach mór an eolaíocht a chur i bhfeidhm trí thaighde agus nuálaíocht fheidhmeach, ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, i ngach cuid den earnáil dobharshaothraithe **AGUS TACAÍONN SÍ LEIS AN MÉID SIN**.

5) **CUIREANN SÍ SAN ÁIREAMH** nach mór rochtain ar spás, go háirithe d'fheirmeoireacht sliogiasc agus iasc mara, agus uisce ar ardchaighdeán a chur ar fáil chun fás, athléimneacht agus iomaíochas na hearnála dobharshaothraithe a áirithiú. **AONTAÍONN SÍ** leis an iarraidh ón gCoimisiún athbhreithniú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar an gcreat rialála agus riaracháin, i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear dea-chleachtais maidir le nósanna imeachta riaracháin a chomhroinnt, mar a bheartaítear san iarscríbhinn a ghabhann leis na treoirlínte dobharshaothraithe.

6) **MEASANN SÍ** gur cheart a fhiosrú a thuilleadh an féidir an dobharshaothrú a chur ar siúl in éineacht le gníomhaíochtaí eile, amhail táirgeadh fuinnimh inathnuaite (i.e. feirmeacha gaoithe amach ón gcósta) agus gur cheart dea-chleachtais a roinnt i measc na mBallstát.

7) **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** gur buncheanglais iad d'aon ghníomhaíocht dobharshaothraithe a bheidh inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de rochtain ar uisce agus, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, an deis a bheith ann uisce úsáidte a dhiúscairt. **CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT**, ag an am céanna, go bhfuil dúshlán roimh cuid mhór den earnáil dobharshaothraithe ós rud é nach féidir, fiú leis na teicnící is fearr dá bhfuil ar fáil, sileadh méid áirithe cothaitheach, amhail nítrigin nó fosfar, isteach san uisce a sheachaint go hiomlán.

8) **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún togra a thíolacadh chun feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir an cuspóir atá ann earnáil mhéadaitheach dobharshaothraithe inbhuanaithe a bheith san Aontas, ar thaobh amháin, agus reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, lena n-áirítear go háirithe, an Treoir Réime maidir le hUisce, ar an taobh eile.

9) **CUIREANN SÍ IN IÚL** gur féidir substaintí bithghineacha de thionscnamh na hearnála dobharshaothraithe a úsáid mar leasacháin nó le haghaidh táirgeadh bithgháis má chomhlíontar coinníollacha reachtacha eile. Mar sin féin, beidh gá le tuilleadh taighde agus le cur chun feidhme nuálach na taighde sin.

10) **TUGANN SÍ DÁ hAIRE** agus is cúis imní di, gur dúshlán mór d'oibreoirí dobharshaothraithe é líonta méadaitheacha na speiceas creachadóra, go háirithe i gcás speicis áirithe faoi chosaint amhail broighill agus dobhráin, le blianta beaga anuas. **CUIREANN SÍ I dTREIS** go bhfuil an oiread sin damáiste á dhéanamh i gcuid mhór réigiún agus nach bhfuil na gnólachtaí inmharthana a thuilleadh ó thaobh an gheilleagair de, agus nach leor cúiteamh díreach ar chaillteanais de dheasca creachadóirí chun bheith inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** gur bac eile ar fhás na hearnála dobharshaothraithe é an tsaincheist sin, rud a fhágann nach bhfuil an earnáil chomh inbhuanaithe céanna ná chomh hinmharthana ó thaobh an gheilleagair de agus go scriostar slite beatha a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí dobharshaothraithe in a lán réigiún. **TATHANTAÍONN SÍ** ar an gCoimisiún bearta bainistithe éifeachtacha éifeachtúla uile-Aontais a shainaithint chun an damáiste a dhéanann creachadóirí – damáiste a bhfuil drochthionchar aige ar an dobharshaothrú – a chosc nó a laghdú.

11) **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR**, cé go bhfuil feidhmíocht an dobharshaothraithe á méadú i ndáil leis an gcomhshaol agus le leas ainmhithe agus spriocanna uaillmhianacha a shocrú, nach mór cobhsaíocht agus forbairt eacnamaíoch shóisialta na ngnólachtaí dobharshaothraithe a áirithiú freisin, chomh maith le sábháilteacht táirgí a chuirtear ar an margadh á áirithiú.

12) **TACAÍONN SÍ** le forbairt modhanna nua dobharshaothraithe fhionnuisce agus mhuirí, go háirithe na cinn a bhfuil tionchar íseal acu ar an gcomhshaol, amhail dobharshaothrú iltrófach comhtháite, córais dobharshaothraithe athshruthaitheacha, saothrú algaí agus uiscephonaic.

13) **TÁ SÍ I bhFABHAR** an ról comhshaoil, socheacnamaíoch agus stairiúil a bhaineann le dobharshaothrú a neartú, lena gcuirtear ceann de na foinsí próitéine ainmhithe is éifeachtúla ar fáil, lena n-áirítear an méid a chuireann sé leis an maolú ar an athrú aeráide.

14) **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go n-áirítear fás an dobharshaothraithe orgánaigh ar na céimeanna breise atá le tabhairt chun feidhmíocht chomhshaoil dhobharshaothrú an Aontais a mhéadú, mar a bheartaítear sa Straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' sa phlean gníomhaíochta um tháirgeadh orgánach a fhorbairt. **CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS**, áfach, nach mór mionanailís a dhéanamh ar an staid reatha agus measúnú a dhéanamh ar na bacainní a chuireann as d'fhorbairt an dobharshaothraithe orgánaigh chun na bearta is gá a dhéanamh le go mbainfí amach an cuspóir sin. Thairis sin, **IARRANN SÍ** ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh ar leasú a mholadh ar Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha, nach gceadaítear leis faoi láthair ach feirmeoireacht sliogéisc agus éisc a dheimhniú mar fheirmeoireacht orgánach faoi choinníollacha an-dian.

15) **TARRAINGÍONN SÍ AIRD AIR** go mbaineann roinnt córais fionnuisce, mhuirí agus dobharshaothraithe eile feidhmíocht chomhshaoil níos fearr amach. Mar sin féin, níl aon scéim ar leibhéal an Aontais faoi láthair chun táirgí inbhuanaithe a lipéadú ná a dheimhniú agus níl aon choinníollacha leagtha síos lena dtabharfaí tús áite do na cineálacha sin dobharshaothraithe, fiú más suntasach an fheidhmíocht chomhshaoil. I ndáil leis an méid sin, **IARRANN SÍ** ar an Coimisiún a mholadh go mbunófaí córas trédhearcach de chuid an Aontais chun aitheantas agus luach saothair a thabhairt do tháirgeoirí as bainistiú dobharshaothraithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus/nó lena gcumasaítear seirbhísí breise éiceachórais. Tá sé ríthábhachtach táirgeoirí a spreagadh chun feidhmíocht chomhshaoil agus shocheacnamaíoch níos airde a bhaint amach i ndáil le dobharshaothrú. Is den bhunriachtanas é scéim fhadtéarmach tacaíochta a áirithiú do na gníomhaíochtaí sin.

16) **TÁ SÍ I bhFABHAR** straitéisí atá oiriúnaithe don athrú aeráide a fhorbairt don earnáil ar an leibhéal náisiúnta, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr.

17) **LÉIRÍONN SÍ** gur den riachtanas é leas a bhaint as na sonraí atá ann cheana agus táscairí maidir le cáilíocht an chomhshaoil agus leas iasc á leagan síos agus á bhfaireachán. Ní mór méadú iomarcach ar an ualach riaracháin a bhaineann le sonraí a bhailiú a sheachaint.

18) **TACAÍONN SÍ** le pleananna an Choimisiúin maidir le dobharshaothrú a chur chun cinn san Aontas, rud a chabhróidh le tomhaltóirí rogha eolasach a dhéanamh i dtaca le táirgí dobharshaothraithe inbhuanaithe Eorpacha, agus **CUIREANN SÍ I dTREIS** go bhfuil ról tábhachtach ag na Ballstáit maidir le scaipeadh forleathan an fheachtais uile-Aontais maidir le dobharshaothrú an Aontais. **MOLANN SÍ** feasacht na dtomhaltóirí i ndáil leis na tairbhí a bhaineann le dobharshaothrú muirí agus fionnuisce a mhúscailt, go háirithe i ndáil le tairbhí comhshaoil, sóisialta agus aeráide.

19) **IARRANN SÍ** go ndéanfaí na coinníollacha sonracha maidir le sonraí a bhailiú san earnáil dobharshaothraithe a chuíchóiriú agus a leagan síos, go háirithe trí Chreat an Aontais um Bailiú Sonraí agus Dlí Staidrimh an Aontais, agus na córais dobharshaothraithe éagsúla á gcur san áireamh. **IS DÍOL SÁSAIMH DI** simpliú na bpróiseas riaracháin chun na sonraí sin a tharchur agus a chomhroinnt.

20) **IS EOL DI** na contúirtí a bhaineann le galair thógálacha, ar srian an-tromchúiseach ar tháirgeadh dobharshaothraithe iad. **IS DÍOL SÁSAIMH DI**, dá bhrí sin, go bhfuil dea-chleachtais á bhforbairt chun galair a bhainistiú, i gcomhréir leis an straitéis chun gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát i gcoinne na frithsheasmhachta frithmhiocróbaí (AMR - an cur chuige Aon Sláinte Amháin), chomh maith le dea-chleachtais feirmeoireachta, inar cheart ról ríthábhachtach a bheith ag leas ainmhithe. **TÁ SÍ I bhFABHAR** an faireachas agus an tuairisciú a dhéantar ar ghalar i mBallstáit an Aontais a chothabháil agus a chuí-chóiriú. **CUIREANN SÍ I dTREIS** a thábhachtaí atá sé taighde a dhéanamh ar phataiginí atá ann cheana agus ar phataiginí nua agus ar chógais agus cóireálacha éifeachtacha oiriúnacha chun sláinte agus dea-bhail orgánach saothraithe a áirithiú. **CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR** go bhfuil gá le taighde maidir le diansaothrú ar phórú speiceas éisc feirme atá frithsheasmhach in aghaidh galar agus atá níos athléimní.